Tearmann de phiongainí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chead pleanála tearmann do phiongainí a thógáil i mBóthar na Trá, Gaillimh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, áfach, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail seo?

appeal	_____
aquarium	_____
noise	_____
smell	_____
animal welfare	_____
distinctive open character	_____
too conspicuous	_____
non-native animals	_____
both disappointment and surprise	_____
waste of space	_____
hemmed in	_____



Féachaigí ar an tuairisc uair amháin le feiceáil an gcabhraíonn sé sin libh na focail a thuiscint.

Ceist 2 Anois, féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna.

1. Cén fáth a bhfuil imní ar dhaoine áirithe faoi thearmann na bpiongainí?
2. Cad a cheapann Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoin scéal?
3. Cad a bhí le rá ag Dónal Lyons?

Ceist 3 Anois, scríobh alt gearr faoi ábhar na míre.

Ceist 4 Cuir isteach gach séimhiú agus gach urú atá in easnamh sa script thíos. Éist leis an gcuid sin den mhír arís chun cuidiú leat. Tá sé urú agus ocht séimhiú fágtha ar lár.

Eimear Ní Chonaola
Bhur céad fáilte ar ais. Tá achomharc déanta ag Uisceadán na Gaillimhe leis an Bord Pleanála mar go bhfuil diúltaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe do na pleananna a bhí acu tearmann do piongainí a thógáil ansin. Cé go bhfuil

fáilte curtha ag lucht gnoithe sa gceantar roimh an forbairt, tá imní ar daoine eile faoin torann, faoin boladh agus faoi leas ainmhithe.

Eibhlín Ní Choistealbha
An mí seo caite, diúltaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe do cead pleanála atá á lorg ag Uisceadán an Gaillimhe, anseo i mBóthar na Trá, chun tearmann do phiongainí a thógaint anseo.

Shíl an Chomhairle go bainfeadh an forbairt den gcarachtar saintréitheach oscailte atá ag Bóthar na Trá; agus go mbeadh an foirgneamh i bhfad rófheiceálach sa cheantar.

Tá achomharc déanta anois ag Uisceadán na Gaillimhe leis an mBord Pleanála faoin cead atá á lorg acu. I measc nithe eile, bheadh sé i gceist linn snámha do na piongainí, chomh maith le spás faoin aer agus clós do suas le fiche piongain agus ainmhithe eile neamhdhúchasacha a thógaint. Tá fáilte curtha ag cuid maith de lucht gnó Bóthar na Trá roimhe.

Ceist 5 Aimsigh sampla amháin ón mír de gach gné den ghramadach sa liosta thíos:

aidiacht bhriathartha: _____
ainm briathartha: _____
ainmfhocal baininscneach: _____
ainmfhocal firinscneach: _____
logainm: _____
aidiacht: _____
ainmfhocail san iolra: _____
an aimsir chaite: _____
an modh coinníollach: _____
an aimsir láithreach: _____
saorbhriathar: _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le zúnna?
2. An aontaíonn tú le coincheap an uisceadáin? Cén fáth?
3. Cad a cheapann tú faoi spóirt fola?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

appeal	*achomharc*
aquarium	*uisceadán*
noise	*torann*
smell	*boladh*
animal welfare	*leas ainmhithe*
distinctive open character	*carachtar saintréitheach oscailte*
too conspicuous	*rófheiceálach*
non-native animals	*ainmhithe neamhdhúchasacha*
both disappointment and surprise	*idir dhíomá agus iontas*
waste of space	*cur amú spáis*
hemmed in	*sáinnithe*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Iarr ar na foghlaimeoirí an méid a scríobh siad a léamh amach os ard.

Ceist 4

Eimear Ní Chonaola

Bhur **g**céad fáilte ar ais. Tá achomharc déanta ag Uisceadán na Gaillimhe leis an **m**Bord Pleanála mar go bhfuil diúltaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe do na pleananna a bhí acu tearmann do p**h**iongainí a thógáil ansin. Cé go bhfuil fáilte curtha ag lucht gnoithe sa gceantar roimh an **bh**forbairt, tá imní ar d**h**aoine eile faoin torann, faoin **m**boladh agus faoi leas ainmhithe.

Eibhlín Ní Choistealbha

An m**h**í seo caite, d**h**iúltaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe do c**h**ead pleanála atá á lorg ag Uisceadán an Gaillimhe, anseo i mBóthar na Trá, chun tearmann do phiongainí a thógaint anseo.

Shíl an Chomhairle go **m**bainfeadh an f**h**orbairt den gcarachtar saintréitheach oscailte atá ag Bóthar na Trá; agus go mbeadh an foirgneamh i bhfad rófheiceálach sa cheantar.

Tá achomharc déanta anois ag Uisceadán na Gaillimhe leis an mBord Pleanála faoin **g**cead atá á lorg acu. I measc nithe eile, bheadh sé i gceist linn snámha do na piongainí, chomh maith le spás faoin aer agus clós do suas le fiche piongain agus ainmhithe eile neamhdhúchasacha a thógaint. Tá fáilte curtha ag cuid m**h**aith de lucht gnó B**h**óthar na Trá roimhe.

Ceist 5

aidiacht bhriathartha:	*déanta, diúltaithe, curtha, caite, oscailte, sáinnithe*
ainm briathartha:	*a thógáil, á lorg, atá, ag teastáil, teacht, ag tacú*
ainmfhocal baininscneach:	*an Chomhairle, an fhorbairt*
ainmfhocal firinscneach:	*an foirgneamh, an t-achomharc*
logainm:	*Bóthar na Trá, Gaillimh*
aidiacht:	*rófheiceálach, neamhdhúchasacha, nua, an-difriúil, áitiúil neamhspleách, an-mhaith, folamh, buartha*
ainmfhocail san iolra:	*piongainí, pleananna, daoine*
an aimsir chaite:	*dhiúltaigh, shíl, gur chuir, bhí, a labhair*
an modh coinníollach:	*go mbeadh, go mbainfeadh, bheadh*
an aimsir láithreach:	*tá, go bhfuil, deir, táimse, ceapaim, ní aontaíonn*
saorbhriathar:	*nár ceadaíodh, táthar*

Ceist 6
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá achomharc déanta ag Uisceadán na Gaillimhe leis an mBord Pleanála mar go bhfuil diúltaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe do na pleananna a bhí acu tearmann do phiongainí a thógáil ansin. Cé go bhfuil fáilte curtha ag lucht gnoithe[1] sa gceantar roimh an bhforbairt, tá imní ar dhaoine eile faoin torann, faoin mboladh agus faoi leas ainmhithe.

Eibhlín Ní Choistealbha
An mhí seo caite, dhiúltaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe do chead pleanála atá á lorg ag Uisceadán an Gaillimhe, anseo i mBóthar na Trá, chun tearmann do phiongainí a thógaint[2] anseo.

Shíl an Chomhairle go mbainfeadh an fhorbairt den gcarachtar saintréitheach oscailte atá ag Bóthar na Trá; agus go mbeadh an foirgneamh i bhfad rófheiceálach sa cheantar.

Tá achomharc déanta anois ag Uisceadán na Gaillimhe leis an mBord Pleanála faoin gcead atá á lorg acu. I measc nithe eile, bheadh sé i gceist linn snámha do na piongainí, chomh maith le spás faoin aer agus clós do suas le fiche piongain agus ainmhithe eile neamhdhúchasacha a thógaint. Tá fáilte curtha ag cuid mhaith de lucht gnó Bhóthar na Trá roimhe.

Colleen Baxter, Óstán Chuan na Gaillimhe
Tá áiseanna nua ag teastáil anseo, *so* go mbeadh suim ag tuilleadh daoine teacht anseo agus timpeall Gaillimh, go háirithe nuair atá an aimsir go dona is rud an-difriúil é. Cabhróidh sé le gach uile dhuine, na caiféanna, bialanna, óstáin, duine ar bith anseo.

Eibhlín Ní Choistealbha
Deir comhairleoir áitiúil neamhspleách, gur chuir se idir dhíomá agus iontas air nár ceadaíodh an fhorbairt.

An Comhairleoir Dónal Lyons, Neamhspleách
Táimse ag tacú go mór leis an *penguinarium* do Bhóthar na Trá, mar ceapaim féin go mbeadh sé an-mhaith don cheantar agus tiocfaidh i bhfad níos mó daoine go Gaillimh agus Bóthar na Trá dá bharr. Tá an oifig anseo folamh le blianta fada agus is cur amú spáis atá ann.

Eibhlín Ní Choistealbha
Bhí roinnt de lucht gnó ó Bhóthar na Trá a labhair linne inniu buartha faoin bhforbairt agus ceisteanna acu faoi thorann agus faoin mboladh a bheadh ann. Ní aontaíonn cuid acu go mbeadh éanacha[3] nó ainmhithe sáinnithe taobh istigh i spás beag. Táthar ag súil le cinneadh ón mBord Pleanála faoin achomharc faoi lár mhí Iúil.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4 i mBóthar na Trá.

[1] *lucht gnó* an leagan caighdeánach
[2] *a thógáil* an leagan caighdeánach
[3] *éin* an leagan caighdeánach